

AN CHÁILÍOCHT SA GHAELGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
EARRACH 2021

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Ag Lorg Lóistín

Bhí áthas ar Mhoya a bheith ar Árann Mhór ar deireadh. Ní raibh an turas farraige ó Ailt an Chorráin go dtí an t-oileán go ródheas, áfach, ach ba chuma le Moya anois. Bhí sí ar thalamh tirim. D’amharc sí ar a huairéadóir. Bhí sé a cúig a chlog.

“Caithfidh mé lóistín a fháil don oíche,” arsa Moya léi féin.

Bhí grúpa de thithe ar thalamh ard in aice leis an gcéibh agus iad go léir ag amharc amach ar an bhfarraige. Bhí comharthaí ar crochadh lasmuigh de chúpla ceann acu. Thosaigh Moya ag siúl ina dtreo. Níorbh fhada gur tháinig sí chuig an gcéad ceann acu. ‘Súil le Muir’ an t-ainm a bhí air.

“Sin ainm fóirsteanach don teach seo,” arsa Moya. D’oscail Moya an geata beag adhmaid os comhair an tí agus shiúil sí i dtreo an dorais.

Canúint Chonnacht

Ag Smaoineamh

Thaitin an deireadh seachtaine i mBaile Átha Cliath le Peadar. Cé nár bhuaigh Gaillimh ar Bhaile Átha Cliath sa chluiche mór i bPáirc an Chrócaigh chuir siad suas taispeántas maith. Bhí roinnt de na tráláir a chonaic sé i mBinn Éadair go hálainn ar fad agus bhí an béile a bhí aige lena chailín Cáit i mbialann i Sráid Uí Chonaill go han-deas.

Bhí a fhios ag Peadar, áfach, nach raibh Cáit leath chomh sásta agus a bhí seisean. Ní dúirt sí i rith an bhéile ach nach raibh

uaithi ach pá seachtainiúil cosúil le gach duine eile i siopa éisc Pheadair agus níor oscail sí a béal ar chor ar bith ar an mbealach abhaile.

“Tá an ceart aici,” arsa Peadar leis féin. “Caithfidh mé é a dhéanamh suas di.”

Ar a bhealach siar bóthar Chois Fharraige i dtreo Ros a’ Mhíl thosaigh Peadar ag féachaint ar na tithe áille. Nach mbeadh sé go deas, arsa Peadar leis féin, dá mbeadh ceann de na tithe sin agam féin agus ag Cáit.

Canúint na Mumhan

Mí-ádh

“Is fear Chonamara anois mé,” arsa an Ciarraíoch Muiris Ó Beaglaoidh go híseal leis féin agus é ag rith amach ar an bpáirc peile i mBoston i ngeansaí Ghaeil Chonamara. An chéad rud a thug Muiris faoi deara ná cé chomh crua agus a bhí an talamh. Taobh thiar de Mhuiris, captaen na foirne, ar a chéad lá i mBoston, bhí an chuid eile den fhoireann, bailiúchán d’imreoirí ó chontaetha éagsúla. Taobh thiar de na himreoirí bhí Seán Ó Máille - Cathaoirleach Ghaeil Chonamara, an duine i mbibe an Bhainisteora, an duine a bhí ag iompar an uisce agus a duine a rinne na glaonna don téamh suas.

Bhuaigh Muiris caitheamh in airde na pingine agus cé gur beag gaoth a bhí ag séideadh shocraigh Muiris imirt ina haghaidh sa chéad leath.

Ach b’shin deireadh an áidh. Nuair a chaith an réiteoir an liathróid in airde, rug Muiris uirthi ach nuair a tháinig sé anuas chas sé a rúitín.

“Ní fhéachann sé sin go maith,” arsa Seán Ó Máille.

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Ag Lorg Lóistín

1. Cá raibh Moya?
2. Cén t-am a bhí sé?
3. Cá raibh na tithe go léir ag amharc?
4. Cén t-ainm a bhí ar cheann amháin de na tithe?
5. Céard as a raibh an geata beag os comhair an tí déanta?

Canúint Chonnacht

Ag Smaoineamh

1. Cá raibh Peadar don deireadh seachtaine?
2. Ar bhuaigh Gaillimh ar Bhaile Átha Cliath?
3. Cén áit a raibh an béile ag Peadar lena chailín, Cáit?
4. Céard a bhí ag teastáil ó Cháit?
5. Céard air a raibh Peadar ag féachaint ar a bhealach siar bóthar Chois Fharraige?

Canúint na Mumhan

Mí-ádh

1. Cá raibh Muiris?
2. Céard é an chéad rud a thug Muiris faoi deara?
3. Céard as ar tháinig na himreoirí?
4. Cé a bhí ag iompar an uisce?
5. Céard a tharla do Mhuiris tar éis dó breith ar an liathróid?